

## TÉIGH I DTEAGMHÁIL LINN

Is féidir leat fanacht i dteagmháil leis an tionscadal trínár suíomh gréasáin, áit a mbeifear ag postáil nuashonruithe ar an dul chun cinn chomh maith le sonraí faoi na hoibreacha atá ar siúl. Chun tuilleadh fiosrúchán a dhéanamh, ná bíodh drogall ort teagmháil a dhéanamh linn le ríomhphost nó sa phost ag:

### BAINISTEOR TIONSCADAIL FRS NA GLEANNTA

**An Oifig Tionscadail:** RPS, Ionad Gnó an Chiste Fiontair, Baile Raithin, Leitir Ceanainn, Co Dhún na nGall, F92 AF43

**Ríomhphost:** [glentiesfrs@rpsgroup.com](mailto:glentiesfrs@rpsgroup.com)

## NAISC ÁBHARTHA

**Láithreán Gréasáin:** <https://countydonegalfrs.ie/glentiesfrs/>

**COUNTY DONEGAL**  
FLOOD RELIEF SCHEMES



Tionscadal Éireann  
Project Ireland  
**2040**

**OPW** Oifig na  
nOibreacha Poiblí  
Office of Public Works

# NA GLEANNTA

## Scéim Faoisimh Tuilte

Nuachtlitir Uimh. 6  
Feabhra 2022

<https://countydonegalfrs.ie/glentiesfrs>



## CÉN CHÉIM AG A BHFUIL AN TIONSCADAL?

Tá Grúpa Stiúrtha FRS na nGleannta (ar a bhfuil OOP, Comhairle Contae Dhún na nGall agus RPS) ag cinntiú ar fad go mbunaítear an anailís hidreolaíoch agus hidrálach atá ag tacú le Scéim Faoisimh Tuilte ar an eolas is cruinne agus is úire. Tá gach eolas a bhaineann leis an tionscadal ar láithreán gréasáin an tionscadail go fóill ([www.countydonegalfrs.ie/glenties](http://www.countydonegalfrs.ie/glenties)) chomh maith le sonraí teagmhála na foirne.

Críochnaíodh na suirbhéanna a bhí de dhíth le samhail ar ríomhaire atá suas chun dáta a dhéanamh d'Abhainn Fhia, Abhainn Shrath Chaisil agus Abhainn Ghort na Muclach, cosaintí tuilte, tóchair agus tuilemhánna.

Leis an eolas seo thóg muid samhail ar ríomhaire a léiríonn Abhainn Fhia, Abhainn Shrath Chaisil agus Abhainn Ghort na Muclach. Chuir muid léi sruthanna aibhneacha agus leibhéil uisce a léiríonn macasamhail na dtuilte a bhí ann agus a bheidh ann (mar dhearadh) de réir mar a thuarar. Rinne ár bhfoireann mionleasuithe ar an tsamhail lena chinntiú go léiríonn sí tuilte 2015, 2019 agus tuilte a chonacthas in 2021 i Mullán Tí Uí Bhaoill. Lena dhéanamh seo, baineadh úsáid as eolas (grianghraif agus tuairiscí) ar thuilte a bhí ann a thug bunadh na háite, úinéirí gnólachtaí agus páirtithe leasmhara leis an léargas is fearr ar na himeachtaí sin a tharla ar na Gleannta a thabhairt. Rinneadh íogaireacht na samhla i mbun athraithe a sheiceáil agus múnlóidh sé seo roghanna féideartha don Scéim.

Tá dréacht de Thuairisc Hidrálach FRS na nGleannta á hullmhú faoi láthair agus cuirfear sin chuig an Ghrúpa Stiúrtha i Mí Feabhra 2022. Foilseofar an tuairisc ar láithreán gréasáin an tionscadail nuair a bheidh sí réidh. Cuireann an tuairisc theicniúil seo síos ar thógáil agus ar chalabrá na samhla ríomhaire agus léiríonn sí méid na dtuilte samhlaíthe a úsáidfear i bhforbairt na Scéime.

Nuair a bheidh an Tuairisc Hidrálach réidh, déanfar measúnacht ar shamhail ar ríomhaire ar ghearrliosta de bheartais bainistiú riosca tuilte le luacháil a dhéanamh ar na beartais is éifeachtaí in aghaidh tuilte i gceantar na scéime. Chomh maith le beartais a léirítear i bPlean Bainistiú Riosca Tuilte an Iarthuaiscirt ([www.floodinfo.ie](http://www.floodinfo.ie)), cuirfear san áireamh beartais eile a ndéanfar scagadh orthu le beartais a aithint a bhféadfaí luacháil is déine a dhéanamh orthu. I mí na Samhna 2021 bhí ceardlann theicniúil ann le forbairt roghanna a phlé agus bhí Grúpa Stiúrtha FRS na nGleannta i láthair.

Tá measúnacht ar dhochar ar réadmhaoín eacnamaíoch ar siúl ag FRS na nGleannta. Léireoidh sí seo an t-airgead a chaillfear le tuilte chomh maith leis an sochar féideartha a bhainfeadh leis an scéim ar feadh 50 bliain i ndiaidh a críochnaithe. Múnlóidh an measúnú seo na roghanna féideartha a bheidh indéanta go heacnamaíoch nuair a chuirtear sin taobh leis an chostas ar an rogha ar feadh saolré.

Tá dréacht de Thuairisc ar Staidéar Srianata Timpeallachta déanta ag Foireann Timpeallachta RPS. Tá an tuairisc chríochnaithe le bheith réidh i lár mhí Feabhra 2022 agus foilseofar sin ar láithreán gréasáin an tionscadail agus í réidh. Áirítear sa tuairisc príomhghnéithe timpeallachta a bhféadann an scéim tuilte dul i bhfeidhm orthu nó srianata a chur uirthi mar scéim. Pléann an tuairisc le Bithéagsúlacht, Flóra agus Fána, Ithreacha agus Geolaíocht, Seandálaíocht, Oidhreacht Ailtireachta agus Chultúir, Úsáid Talaimh agus Sócmhainní Réadmhaoine, Tírdhreach agus Tionchar Físiúil, chomh maith le Daonra agus Sláinte an Duine.



Suirbhé Topagrafach ar na Gleannta

## BREAC-CHUNTAS AR CHLÁR SCÉIME NA GLEANNTA

	Gníomhaíocht	2020	2021	2022	2023	2024	2025
Céim 1	Bailiú Sonraí agus suirbhéanna	■					
	Anailís Hidreolaíochta	■	■				
	Anailís Hidrálach		■	■			
	Anailís agus forbairt na Scéime		■	■	■		
Céim 2	Pleanáil				■		
Céim 3	Dearadh mionsonraithe na Scéime					■	
Céim 4	Oibreacha tógála						■
Céim 5	An Scéim á hOibriú						■

*Is iad na garmheastacháin is fearr iad na hamlínte a léirítear ach féadann siad athrú. Cuireadh ceithre mhí go garbh le Céim 1 mar thoradh ar na dúshláin theicniúla san anailís. Tá Foireann an Tionscadail ag obair go crua le teacht ar dhóigeanna le deiseanna a aimsiú le tascanna eile sa tionscadal a dhéanamh níos gasta leis an mhoill ar an chlár a mhaolú.*

## NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

**Bailiú Eolais:** I dtaca le Céim 1 sa Tionscadal de, tá gach réimse eolais a bhí de dhíth faighte.

**Suirbhéanna:** Tá na suirbhéanna sonraithe déanta. Tá RPS ag fiosrú an riachtanais atá le suirbhéanna breise le réamhdhearadh na scéime a mhúnlú.

**Anailís Hidreolaíoch:** Críochnaíodh sruthanna deartha agus leibhéil uisce a úsáidtear sna samhlaíthe le macasamhail na dtuilte a léiriú agus tá Dréacht-Tuairisc Hidreolaíoch réidh. Foilseofar an tuairisc chríochnaithe ar láithreán gréasáin an tionscadail.

**Anailís Hidrálach:** Tá an tsamhail hidrálach calabraithe agus bailíochtaithe le heolas ar thuilte go stairiúil lena chinntiú go léirítear macasamhail chruinn de na meicníochtaí tuile. Úsáidtear an tsamhail le roghanna innealtóirí roimhe seo a mheas agus a chur i gcomparáid le riosca tuilte a mhaolú ar na Gleannta. Tá an Dréacht-Tuairisc Hidrálach réidh agus foilseofar an tuairisc chríochnaithe ar láithreán gréasáin an tionscadail.

**Anailís agus Forbairt Scéime:** Tá liosta á dhéanamh faoi láthair de gach beartais bainistithe riosca tuilte a d'fhéadfaí a bheith ábhartha ar na Gleannta. Déanfar scagadh orthu leis na beartais is mó a bheidh indéanta go teicniúil agus go heacnamúil, iad inghlactha go sóisialta agus ó thaobh an chomhshaoil de, sa dóigh go ndéanfar measúnacht dhian orthu. Beidh na beartais a scagtar isteach mar chuid de na roghanna féideartha a fhéadann sprioc-chaighdeán cosanta na scéime a bhaint amach. Déanfar measúnacht shonraithe ar gach rogha leis an rogha is fearr le FRS na nGleannta a aimsiú lena thabhairt chun tosaigh chuig pleanáil do Chéim II sa tionscadal.

**Measúnacht Chomhshaoil:** Moltar suirbhéanna breise sna míonna atá romhainn ar a n-áirítear suirbhéanna speicis faoi chosaint, seandálaíocht agus ailtireacht.